Oireachtas Library
54023001276978

# An Bille um an Tríú Leasú Déag ar an mBunreacht, 1992

# Thirteenth Amendment of the Constitution Bill, 1992

---

*Mar a tionscnaíodh*
*As initiated*

[No. 25 of 1992]

**THIRTEENTH AMENDMENT OF THE CONSTITUTION BILL, 1992**

*As initiated*

ARRANGEMENT OF SECTIONS

Section

1. Amendment of Article 40.3 of the Constitution.

2. Citation.

SCHEDULE

PART I

PART II

**AN BILLE UM AN TRÍÚ LEASÚ DÉAG AR AN mBUNREACHT, 1992**

*Mar a tionscnaíodh*

RIAR NA nALT

Alt

1. Airteagal 40.3 den Bhunreacht do leasú.

2. Lua.

AN SCEIDEAL

Cuid I

Cuid II

THIRTEENTH AMENDMENT OF THE CONSTITUTION BILL, 1992

# BILL

*entitled*

AN ACT TO AMEND THE CONSTITUTION.

WHEREAS by virtue of Article 46 of the Constitution any provision of the Constitution may be amended in the manner provided by that Article:

AND WHEREAS it is proposed to amend Article 40.3 of the Constitution:

BE IT THEREFORE ENACTED BY THE OIREACHTAS AS FOLLOWS:

Amendment of Article 40.3 of the Constitution.

**1.**—Article 40.3 of the Constitution is hereby amended by the insertion—

(*a*) in subsection 3° of the Irish text, of a second paragraph the text of which is set out in *Part I* of the Schedule to this Act;

(*b*) in subsection 3° of the English text, of a second paragraph the text of which is set out in *Part II* of the Schedule to this Act.

Citation.

**2.**—(1) The amendment of the Constitution effected by this Act shall be called the Thirteenth Amendment of the Constitution.

(2) This Act may be cited as the Thirteenth Amendment of the Constitution Act, 1992.

AN BILLE UM AN TRÍÚ LEASÚ DÉAG AR AN mBUNREACHT, 1992

# BILLE

*dá ngairtear*

ACHT CHUN AN BUNREACHT DO LEASÚ.

DE BHRÍ gur cead, de bhua Airteagal 46 den Bhunreacht, foráileamh ar bith den Bhunreacht do leasú ar an modh a shocraítear leis an Airteagal sin:

AGUS DE BHRÍ go bhfuil beartaithe Airteagal 40.3 den Bhunreacht do leasú:

ACHTAÍTEAR AG AN OIREACHTAS AR AN ÁBHAR SIN MAR A LEANAS:

Airteagal 40.3 den Bhunreacht do leasú.

**1.**—Leasaítear leis seo Airteagal 40.3 den Bhunreacht—

(*a*) i bhfo-alt 3° den téacs Gaeilge, trí dhara mír a bhfuil an téacs di leagtha amach i *gCuid I* den Sceideal a ghabhann leis an Acht seo a chur isteach;

(*b*) i bhfo-alt 3° den téacs Sacs-Bhéarla, trí dhara mír a bhfuil an téacs di leagtha amach i *gCuid II* den Sceideal a ghabhann leis an Acht seo a chur isteach.

Lua.

**2.**—(1) An Tríú Leasú Déag ar an mBunreacht a bhéarfar ar an leasú a dhéantar ar an mBunreacht leis an Acht seo.

(2) Féadfar an tAcht um an Tríú Leasú Déag ar an mBunreacht, 1992, a ghairm den Acht seo.

## SCHEDULE

### Part I

Ní theorannóidh an fo-alt seo saoirse chun taisteal idir an Stát agus stát eile.

### Part II

This subsection shall not limit freedom to travel between the State and another state.

## AN SCEIDEAL

### Cuid I

Ní theorannóidh an fo-alt seo saoirse chun taisteal idir an Stát agus stát eile.

### Cuid II

This subsection shall not limit freedom to travel between the State and another state.

THIRTEENTH AMENDMENT OF THE CONSTITUTION BILL, 1992

# BILL

*(as initiated)*

*entitled*

An Act to amend the Constitution.

*Presented by the Minister for Justice,*
15*th October,* 1992

DUBLIN:
PUBLISHED BY THE STATIONERY OFFICE

To be purchased through any bookseller, or directly from the Government Publications Sale Office, Sun Alliance House, Molesworth Street, Dublin 2.

Printed by CAHILL PRINTERS LIMITED.

85p.

AN BILLE UM AN TRÍÚ LEASÚ DÉAG AR AN mBUNREACHT, 1992

# BILLE

*(mar a tionscnaíodh)*

*dá ngairtear*

Acht chun an Bunreacht do leasú.

*An tAire Dlí agus Cirt a thíolaic,*
15 *Deireadh Fómhair,* 1992

BAILE ÁTHA CLIATH:
ARNA FHOILSIÚ AG OIFIG AN tSOLÁTHAIR

Le ceannach díreach ón Oifig Dhíolta Foilseachán Rialtais, Teach Sun Alliance, Sráid Theach Laighean, Baile Átha Cliath 2, nó trí aon díoltóir leabhar.

Clóbhuailte ag CAHILL PRINTERS LIMITED.

85p.

Wt. P29451/B/10. 1,325. 10/92. Cahill. (X25946). G.16.